RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/2005 ÓN gCOIMISIÚN

an 16 Samhain 2021

lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1799 maidir leis na táblaí mapála ina sonraítear an comhfhreagras idir measúnuithe riosca creidmheasa na n-institiúidí seachtracha um measúnú creidmheasa agus na céimeanna cáilíochta creidmheasa a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ([1]), agus go háirithe Airteagal 136(1), an chéad fhomhír de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) In Iarscríbhinn III de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1799 ón gCoimisiún ([2]), sonraítear an comhfhreagras idir na measúnuithe creidmheasa ábhartha arna n-eisiúint ag institiúidí seachtracha um measúnú creidmheasa ("ISMC") agus na céimeanna cáilíochta creidmheasa a leagtar amach i gCuid a Trí, Teideal II, Caibidil 2, Roinn 2, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ("mapáil").

(2) Ó rinneadh na leasuithe is déanaí, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2028 ón gCoimisiún ([3]), ar Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1799, tá athrú tagtha ar na fachtóirí cainníochtúla agus cáilíochtúla atá mar bhonn taca leis na measúnuithe creidmheasa a rinneadh ar roinnt mapálacha in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1799. Sa bhreis air sin, rinne roinnt ISMCanna a gcuid measúnuithe creidmheasa a leathnú chuig deighleoga nua den mhargadh, agus rinneadh scálaí nua rátála agus cineálacha nua rátála creidmheasa mar iarmhairt air sin. Is gá, dá bhrí sin, mapálacha na ISMCanna lena mbaineann a thabhairt cothrom le dáta.

(3) Ó glacadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2028, cláraíodh dhá ghníomhaireacht rátála creidmheasa breise i gcomhréir le hAirteagail 14 go 18 de Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), agus díchláraíodh dhá ISMC eile ar leagadh amach mapáil lena n-aghaidh i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1799. Ós rud é go gceanglaítear le hAirteagal 136(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 go sonrófar mapálacha i gcás gach ISMC, ba cheart an Rialachán sin a leasú chun mapáil a leagadh amach le haghaidh na ISMCanna nuachláraithe, agus chun an mhapáil a bhaint i gcás na ISMCanna díchláraithe.

(4) Ina theannta sin, maidir le ISMC amháin atá cláraithe i gcomhréir le hAirteagail 14 go 18 de Rialachán (AE) Uimh. 1060/2009, agus ar soláthraíodh mapáil dó i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1799, leasaigh sé na siombailí a úsáidtear chun catagóirí rátála a scálaí rátála a chur in iúl. Dá bhrí sin, is gá an mhapáil le haghaidh an ISMC sin a leasú chun na siombailí a úsáideann an ISMC sin faoi láthair a léiriú.

(5) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme a chuir an tÚdarás Baincéireachta Eorpach, an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí agus an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (na "hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha") faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 176, 27.6.2013, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1799 ón gCoimisiún an 7 Deireadh Fómhair 2016 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme maidir le mapáil measúnuithe creidmheasa na n-institiúidí seachtracha um measúnú creidmheasa i gcomhair riosca creidmheasa i gcomhréir le hAirteagal 136(1) agus 136(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 275, 12.10.2016, lch. 3).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2028 ón gCoimisiún an 29 Samhain 2019 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1799 maidir leis na táblaí mapála ina sonraítear an comhfhreagras idir measúnuithe riosca creidmheasa na n-institiúidí seachtracha um measúnú creidmheasa agus na céimeanna cáilíochta creidmheasa a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 313, 4.12.2019, lch. 34).

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le gníomhaireachtaí rátála creidmheasa (IO L 302, 17.11.2009, lch. 1).

(6) Reáchtáil na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]), an chomhairle ón nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]); an chomhairle ón nGrúpa Geallsealbhóirí Árachais agus Athárachais arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]);

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1799 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasú ar Rialachán (AE) 2016/1799

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1799.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 16 Samhain 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

([6]) Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

([7]) Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde) lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/79/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 48).

IARSCRÍBHINN

'IARSCRÍBHINN III

Táblaí mapála chun críocha Airteagal 16

Céim cáilíochta creidmheasa	**1**	**2**	**3**	**4**	**5**	**6**
A.M. Best (EU) Rating Services B.V.						
Scála rátála creidmheasa fadtéarmach eisitheora	aaa, aa+, aa, aa-	a+, a, a-	bbb+, bbb, bbb-	bb+, bb, bb-	b+, b, b-	ccc+, ccc, ccc-, cc, c, d, e, f, s
Scála rátála fadtéarmach eisiúna	aaa, aa+, aa, aa-	a+, a, a-	bbb+, bbb, bbb-	bb+, bb, bb-	b+, b, b-	ccc+, ccc, ccc-, cc, c, d, s
Scála rátála láidreachta airgeadais	A++, A+	A, A-	B++, B+	B, B-	C++, C+	C, C-, D, E, F, S
Scála rátála gearrthéarmach eisitheora	AMB-1+	AMB-1-	AMB-2, AMB-3	AMB- 4, d, e, f, s		
Scála rátála gearrthéarmach eisiúna	AMB-1+	AMB-1-	AMB-2, AMB-3	AMB- 4, d, s		
ARC Ratings S.A.						
Scála rátála meántéarmach agus fadtéarmach eisitheora	AAA, AA	A	BBB	BB	B	CCC, CC, C, D
Scála rátála meántéarmach agus fadtéarmach eisiúna	AAA, AA	A	BBB	BB	B	CCC, CC, C, D
Scála rátála inniúlachta maidir le héilimh a íoc	AAA, AA	A	BBB	BB	B	CCC, CC, C, R
Scála rátála gearrthéarmach eisitheora	A-1+	A-1	A-2, A-3	B, C, D		
Scála rátála gearrthéarmach eisiúna	A-1+	A-1	A-2, A-3	B, C, D		
ASSEKURATA Assekuranz Rating-Agentur GmbH						
Scála rátála creidmheasa fadtéarmach	AAA, AA	A	BBB	BB	B	CCC, CC/C, D
Scála rátála corparáideach gearrthéarmach	A++	A		B, C, D		

Axesor Risk Management S.L.						
Scála rátála fadtéarmach domhanda	AAA, AA	A	BBB	BB	B	CCC, CC, C, D, E
Scála rátála gearrthéarmach domhanda	AS1+	AS1	AS2	AS3, AS4, AS5		
Banque de France						
Scála rátála creidmheasa fadtéarmach domhanda eisitheora	3++	3+, 3	4+	4, 5+	5, 6	7, 8, 9, P
Scála rátála creidmheasa NEC fadtéarmach domhanda eisitheora	1+	1, 1-	2+, 2, 2-	3+, 3, 3-, 4+, 4, 4-, 5+	5, 5-, 6+, 6, 6-	7, 8, P
BCRA — Credit Rating Agency AD						
Scála rátála fadtéarmach domhanda	AAA, AA	A	BBB	BB	B	CCC, CC, C, D
Scála rátála gearrthéarmach domhanda	A-1+	A-1	A-2, A-3	B, C, D		
Scála fadtéarmach cuideachta árachais pinsin	AAA, AA	A	BBB	BB	B	CCC, CC, C, D
Scála gearrthéarmach cuideachta árachais-pinsin	A-1+	A-1	A-2, A-3	B, C, D		
Scála fadtéarmach ciste pinsin	AAA pf, AA pf	A pf	BBB pf	BB pf	B pf	C pf
Scála fadtéarmach ciste ráthaíochta	AAA, AA	A	BBB	BB	B	C, D
Scála gearrthéarmach ciste ráthaíochta	A-1+	A-1	A-2, A-3	B, C, D		
Capital Intelligence Ratings Ltd						
Scála rátála fadtéarmach idirnáisiúnta eisitheora	AAA, AA	A	BBB	BB	B	C, RS, SD, D
Scála rátála fadtéarmach idirnáisiúnta eisiúna	AAA, AA	A	BBB	BB	B	CCC, CC, C, D
Scála rátála fadtéarmach idirnáisiúnta láidreachta airgeadais árachóra	AAA, AA	A	BBB	BB	B	C, RS, SD, D
Scála rátála gearrthéarmach idirnáisiúnta eisitheora	A1+	A1	A2, A3	B, C, RS, SD, D		
Scála rátála gearrthéarmach idirnáisiúnta eisiúna	A1+	A1	A2, A3	B, C, D		
Scála rátála gearrthéarmach idirnáisiúnta láidreachta airgeadais árachóra	A1+	A1	A2, A3	B, C, RS, SD, D		

Cerved Rating Agency S.p.A.						
Scála rátála fadtéarmach corparáideach	A1.1, A1.2, A1.3	A2.1, A2.2, A3.1	B1.1, B1.2	B2.1, B2.2	C1.1	C1.2, C2.1
Scála rátála gearrthéarmach corparáideach	S-1	S-2	S-3	V-1, R-1		
Creditreform Rating AG						
Scála rátála fadtéarmach eisitheora	AAA, AA	A		BBB	BB, B	C, SD, D
Scála rátála fadtéarmach eisiúna	AAA, AA	A		BBB	BB, B	C, D
Scála rátála gearrthéarmach	L1	L2		L3, NEL, D		
CRIF Ratings S.r.l.						
Scála rátála fadtéarmach eisitheora	AAA, AA	A	BBB	BB	B	CCC, CC, C, D1S, D
Scála rátála fadtéarmach eisiúna	AAA, AA	A	BBB	BB	B	CCC, CC, C, DS
Scála rátála FBM	SME1, SME2		SME3	SME4	SME5, SME6	SME7, SME8
Scála rátála gearrthéarmach eisitheora	IG-1		IG-2	SIG-1, SIG-2, SIG-3, SIG-4		
Scála rátála gearrthéarmach eisiúna	IG-1		IG-2	SIG-1, SIG-2, SIG-3, SIG-4		
DBRS Ratings GmbH						
Scála rátála fadtéarmach oibleagáidí	AAA, AA	A	BBB	BB	B	CCC, CC, C, D
Scála rátála gearrthéarmach páipéir tráchtála agus fiachais	R-1 H, R-1 M	R-1 L	R-2, R-3	R-4, R-5, D		
Scála rátála láidreachta airgeadais	AAA, AA	A	BBB	BB	B	CCC, CC, C, R
Scála rátála maidir le caillteanas ionchasach	AAA(el), AA(el)	A(el)	BBB(el)	BB(el)	B(el)	CCC(el), CC(el), C(el)
Egan-Jones Ratings Co.						
Scála rátála creidmheasa fadtéarmach	AAA, AA	A	BBB	BB	B	CCC, CC, C, D
Scála rátála creidmheasa gearrthéarmach	A-1+	A-1	A-2	A-3, B, C, D		

EuroRating Sp. z o.o.						
Scála rátála fadtéarmach domhanda	AAA, AA	A	BBB	BB	B	CCC, CC, C, D
Fitch Ratings Ireland Limited						
Scála rátála mainneachtana fadtéarmach eisitheora	AAA, AA	A	BBB	BB	B	CCC, CC, C, RD, D
Oibleagáidí maidir le hairgeadas corparáideach – scála rátála fadtéarmach	AAA, AA	A	BBB	BB	B	CCC, CC, C
Scála rátála fadtéarmach idirnáisiúnta láidreachta airgeadais árachóra	AAA, AA	A	BBB	BB	B	CCC, CC, C
Scála rátála contrapháirtí díorthaigh	AAA dcr, AA dcr	A dcr	BBB dcr	BB dcr	B dcr	CCC dcr, CC dcr, C dcr
Scála rátála gearrthéarmach	F1+	F1	F2, F3	B, C, RD, D		
Scála rátála gearrthéarmach IFS	F1+	F1	F2, F3	B, C		
GBB-Rating Gesellschaft für Bonitätsbeurteilung GmbH						
Scála rátála fadtéarmach domhanda	AAA, AA	A	BBB	BB	B	CCC, CC, C, D
HR Ratings de México, S.A. de C.V.						
Scála rátála fadtéarmach domhanda	HR AAA(G)/HR AA(G)	HR A(G)	HR BBB(G)	HR BB(G)	HR B(G)	HR C(G)/HR D(G)
Scála rátála gearrthéarmach domhanda	HR+1(G)/HR1(G)	HR2(G)	HR3(G)	HR4(G), HR5(G), HR D(G)		
ICAP S.A.						
Scála rátála fadtéarmach domhanda eisitheora		AAA, AA	A, BBB	BB, B	CCC, CC	C, D
Scála rátála fadtéarmach domhanda eisiúna		AAA, AA	A, BBB	BB, B	CCC, CC	C, D
INBONIS S.A.						
Scála rátála fadtéarmach	AAA/AA	A	BBB	BB	B	CCC, CC, C, D

Japan Credit Rating Agency Ltd						
Scála rátála fadtéarmach eisitheora	AAA, AA	A	BBB	BB	B	CCC, CC, C, LD, D
Scála rátála fadtéarmach eisiúna	AAA, AA	A	BBB	BB	B	CCC, CC, C, D
Scála rátála gearrthéarmach eisitheora	J-1+	J-1	J-2	J-3, NJ, LD, D		
Scála rátálacha creidmheasa gearrthéarmach eisiúna	J-1+	J-1	J-2	J-3, NJ, D		
Kroll Bond Rating Agency Europe Limited						
Scála rátála creidmheasa fadtéarmach	AAA, AA	A	BBB	BB	B	CCC, CC, C, D
Scála rátála creidmheasa gearrthéarmach	K1+	K1	K2, K3	B, C, D		
modeFinance S.r.l.						
Scála rátála fadtéarmach domhanda	A1, A2	A3	B1	B2	B3	C1, C2, C3, D
Moody's Investors Service						
Scála rátála fadtéarmach domhanda	Aaa, Aa	A	Baa	Ba	B	Caa, Ca, C
Scála rátála gearrthéarmach domhanda	P-1	P-2	P-3	NP		
Nordic Credit RatingAS						
Scála rátála fadtéarmach	AAA/AA	A	BBB	BB	B	CCC, CC, C, D, SD
Scála rátála gearrthéarmach			N-1+	N-1, N-2, N-3, N-4		
QIVALIO SAS (formerly Spread Research)						
Scála rátála fadtéarmach domhanda	AAA, AA	A	BBB	BB	B	CCC, CC, C, D
Scála rátála gearrthéarmach domhanda	SR0		SR1, SR2	SR3, SR4, SR5, SRD		

Rating-Agentur Expert RA GmbH						
Scála rátála creidmheasa fadtéarmach idirnáisiúnta	AAA, AA	A	BBB	BB	B	CCC, CC, C, D, E
Scála rátála iontaofachta idirnáisiúnta	AAA, AA	A	BBB	BB	B	CCC, CC, C, D, E
Scála rátála gearrthéarmach idirnáisiúnta	RA1+	RA1	RA2, RA3	RA4, RA5, C, D		
Scope Ratings GmbH						
Scála rátála fadtéarmach	AAA, AA	A	BBB	BB	B	CCC, CC,C, D
Scála rátála gearrthéarmach	S-1+	S-1	S-2	S-3, S-4		
Scope Hamburg GmbH						
Scála rátála fadtéarmach domhanda	AAA, AA	A	BBB	BB	B	CCC, CC, C, SD, D
S&P Global Ratings Europe Limited						
Scála rátála creidmheasa fadtéarmach eisitheora	AAA, AA	A	BBB	BB	B	CCC, CC, R, SD/D
Scála rátála creidmheasa fadtéarmach eisiúna	AAA, AA	A	BBB	BB	B	CCC, CC, C, D
Scála rátála láidreachta airgeadais árachóra	AAA, AA	A	BBB	BB	B	CCC, CC, SD/D, R
Rátálacha fadtéarmacha Contrapháirtí maidir le Réiteach Institiúide Airgeadais	AAA, AA	A	BBB	BB	B	CCC, CC, SD, D
Scála rátála meastóireachta meánmhargaidh		MM1	MM2	MM3, MM4	MM5, MM6	MM7, MM8, MMD
Scála rátála creidmheasa gearrthéarmach eisitheora	A-1+	A-1	A-2, A-3	B, C, R, SD/D		
Scála rátálacha creidmheasa gearrthéarmach eisiúna	A-1+	A-1	A-2, A-3	B, C, D		
Rátálacha gearrthéarmacha Contrapháirtí maidir le Réiteach Institiúide Airgeadais	A-1+	A-1	A-2, A-3	B, C, SD/D‘		